



2023/0222(NLE)

8.11.2023

DRÉACHT-TUAIRIM

ón gCoiste um Fhorbairt

chuig an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

ar an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht an Chósta Eabhair i ndáil le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil i dtaca le foraoisí adhmaid agus táirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach (FLEGT)
0000/2023 – C9-0000/2023 – 2023/0222(NLE))

Rapóirtéir don tuairim: Carlos Zorrinho

PA_Leg_Consent

RÉASÚNÚ GEARR

Chuaigh an Coimisiún i mbun caibidlíochta le Poblacht an Chósta Eabhair in 2013 agus thug sé an chaibidlíocht faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Deonaí (VPA) i gcrích i mí Dheireadh Fómhair 2022.

Tá ceann de na rátaí dífhoraoisithe is airde ar domhan ag an gCósta Eabhair. De réir an Bhainc Dhomhanda, sa bhliain 2020, ní raibh ach 8.9 % (2.8 milliún heicteár) de thalamh an Chósta Eabhair clúdaithe le foraoisí, i gcomparáid le 24.7 % in 1990. I measc na gcúiseanna leis an meath sin tá talmhaíocht fairsing, trádáil cócó, saothrú foraoisí atá rialaithe go dona chun freastal ar na héilimh ar adhmaid agus ar fhuinneamh ó adhmaid agus inniúlacht forfheidhmithe dlí na n-údarás poiblí i rialachas foraoise atá lag.

Le déanaí, tá gealltanais tugtha ag rialtas an Chósta Eabhair rialachas foraoise a fheabhsú i gcomhpháirt le gníomhaithe idirnáisiúnta agus áitiúla, chun cumhdach foraoise a mhéadú go 20 % faoi 2030. In 2014, sheol sé an Clár Náisiúnta um an gComhshaol agus um Fhoroaisí, a bhfuil sé mar aidhm leis dífhoraoisí a laghdú agus cleachtais inbhuanaithe úsáide talún a chur chun cinn. Ina theannta sin, leis an gCód Foraoiseachta nua a glacadh in 2019, cuireadh feabhas suntasach ar reachtaíocht foraoiseachta an Chósta Eabhair. Chuir sé agraforaoisí, foraoisí pobail, foraoisí beannaithe leis an liosta rangaithe agus rinne sé an creat dlíthiúil níos rannpháirtí, ag éileamh go mbeadh pobail áitiúla rannpháirteach i dtionscnaimh bainistíochta agus cosanta foraoise.

Cuidíonn an tionscal foraoiseachta go mór fós le geilleagar an Chósta Eabhair agus le slite beatha áitiúla. Mar sin féin, tá cuid mhór de faoi úinéireacht eachtrach agus níltear ar an eolas ach faoi chuid bheag as 40 speiceas foraoise coimhthíoch agus áitiúil a phróiseáiltear agus a onnmhairítear mar adhmaid, rud a fhágann go ndéantar róshaothrú ar limistéir foraoise áirithe. Is chuig an Aontas a théann thart ar 50 % d'onnmhairí adhmaid an Chósta Eabhair.

Bhí ról ríthábhachtach gníomhach ag ionadaithe ón rialtas, ón tsochaí shibhialta, ón earnáil phríobháideach agus ó phobail dhúchasacha mar chomhaltaí den Choiste Caibidlíochta Teicniúla i bpróiseas caibidlíochta VPA leis an Aontas, lena n-áirítear i ndearadh treo-chláir. Leis an bpróiseas sin, cuireadh comhthéacs níos fabhraí ar fáil chun beartas foraoise a chur chun feidhme ar bhealach níos cuimsithí agus chun córas nua úinéireachta foraoise a chruthú. Is é is aidhm don Chomhaontú dlíthiúlacht a áirithiú in earnáil na foraoiseachta adhmaid ina hiomláine agus i dtrádáil leis an Aontas, agus ag an am céanna tacú le rialtas an Chósta Eabhair bainistiú níos fearr a dhéanamh ar a acmhainní nádúrtha, ina bhfuil ról lárnach ag mná anois, agus an lománaíocht neamhdhleathach a chomhrac.

Beidh cur chun feidhme rathúil VPA ag brath ar thiomantas leanúnach agus ar thoil pholaitiúil an Chósta Eabhair. Ba cheart go neartófaí cúnaimh an Aontais chun tacú le cur chun feidhme VPA mar chuid den phróiseas athbhreithnithe ar chlár déthaobhach an Aontais don tréimhse 2025-2027.

Iarrann an Coiste um Fhorbairt ar an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta, mar an coiste atá freagrach, a mholadh go dtabharfaí formheas don togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas

Eorpach agus Poblacht an Chósta Eabhair i ndáil le forfheidhmiú an dlí maidir le foraoisí, rialachas agus trádáil adhmaid agus táirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach (FLEGT).